

# AN OIFIG ACHOMHAIRC TALMHAÍOCHTA

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

# 2014

# Chuig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara,
# An tUasal Simon Coveney, T.D.

Cuirim tuairisc maidir le gníomhartha na hOifige Achomhairc Talmhaíochta in 2014 faoi do bhráid de réir fhorálacha Alt 14(1) den Acht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001.

Miriam Cadwell
Stiúrthóir

Tá an Tuarascáil seo ar fáil freisin i nGaeilge, ach é a iarraidh.

***Sonraí Teagmhála***

An Oifig Achomhairc Talmhaíochta
Cúirt Choill Mhinsí
Bóthar Bhaile Átha Cliath
Port Laoise
Contae Laoise

Guthán:057 8631900 nó Íosghlao 076 106 4418
Facs: 057 8667177
R-phost: appeals.office@agriappeals.gov.ie
Láithreán Gréasáin: www.agriappeals.gov.ie

# Clár na nÁbhar
Leathanach


| | | |
|---|---|---|
| 1. | Réamhrá ag Stiúrthóir na hOifige Achomhairc Talmhaíochta | 3 |
| 2. | An Oifig Achomhairc Talmhaíochta | 4 |
| 3. | Nós Imeachta Achomhairc agus Éisteachtaí ó Bhéal | 5 |
| 4. | Staitisticí | 6 |
| 5. | Coiste Achomhairc an LPIS | 13 |
| 6. | Cásanna Achomhairc a Roghnaítear | 14 |
| 7. | Príomhthorthaí | 25 |
| 8. | Earráidí coitianta ag iarratasóirí na Scéime a n-eascraíonn pionóis astu | 25 |
| 9. | Cairt Eagraíochtúil | 26 |


# Aguisíní


| | | |
|---|---|---|
| a. | An tAcht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001 | 28 |
| b. | I.R. 193/2002, na Rialacháin Achomhairc Talmhaíochta, 2002 | 33 |
| c. | Nós Imeachta Achomhairc agus Foirm um Fhógra Achomhairc | 37 |

# 1. Réamhrá

Is rí-dheas liom Tuarascáil Bhliantúil na hOifige um Achomhairc Talmhaíochta a chur i láthair don bhliain 2014. Is é misean na hoifige *ná "seirbhís achomhairc atá neamhspleách, inrochtana, cothrom agus tráthúil a chur ar fáil dóibh siúd a dhéanann iarratas faoi Scéimeanna na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus an tseirbhís sin a sholáthar ar dhóigh éifeachtúil agus chúirtéiseach."*

Is í feidhm na hOifige Achomharc Talmhaíochta ná seirbhís achomhairc a chur ar fáil d'iarratasóirí atá míshásta le cinntí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir leis na Scéimeanna a leagtar amach sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001. Soláthraíonn an oifig seirbhís achomhairc atá saor in aisce agus neamhchlaonta do na hiarratasóirí siúd. Fuarthas 610 achomharc sa bhliain 2014 i dtaobh na Scéimeanna éagsúla agus tugadh 727 achomharc chun críche.

Sa tuarascáil seo, leagtar amach na forbairtí móra i rith na bliana agus tugtar miondealú staitistiúil ar obair na hoifige go dtí an 31 Nollaig 2014. Chun léargas a thabhairt ar an gcineál saincheisteanna ba shiocair le hachomhairc agus ar an mbreithniú a rinne Oifigigh Achomhairc ar na saincheisteanna seo, tá sampla de chásanna sa tuarascáil seo a chinn Oifigigh Achomhairc i rith na bliana.

In 2014, rinne an Oifig maoirseacht, chomh maith, ar obair Choiste Achomhairc um Athbhreithniú Incháilitheachta an Chórais Aitheanta Dáileachtaí Talún (LPIS) a scrúdaigh achomhairc ó iarratasóirí ar laghdaíodh a ndáileachtaí talún mar chuid d'Athbhreithniú 2013 ar an LPIS. Bhí Oifigigh Achomhairc agus Cathaoirleach neamhspleách, an tUasal Pádraig Gibbons, i gCoiste Achomhairc an Chórais Aitheanta Dáileachtaí Talún.

Anuas air sin, ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun mo bhuíochas a chur in iúl don fhoireann reatha san oifig as a dtiomantas leanúnach d'obair na hoifige. D'fhág roinnt foirne an oifig in 2014 – gabhaim buíochas leo as ucht a gcuid oibre agus guím gach rath orthu. Chuaigh roinnt foirne nua leis an oifig, chomh maith leis sin, in 2014 agus cuirtear fáilte chroíúil rompu chuig an bhfoireann agus táim ag tnúth le hoibriú leo amach anseo.

Chomh maith le comhlíonadh a príomhfheidhme mar thuarascáil don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, tá súil agam go mbeidh an tuarascáil seo áisiúil d'Iarratasóirí ar Scéimeanna, don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus do pháirtithe leasmhara eile.

Tá an tuarascáil seo ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige Achomhairc Talmhaíochta: www.agriappeals.gov.ie

Miriam Cadwell
Stiúrthóir

An 23 Meitheamh 2015

# 2. An Oifig Achomhairc Talmhaíochta

Gníomhaireacht neamhspleách is ea an Oifig Achomhairc Talmhaíochta a bunaíodh chun seirbhís achomhairc a sholáthar d'fheirmeoirí nach bhfuil sásta le cinntí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir lena Scéimeanna sannta a oibríonn an Roinn. Leagtar síos san Acht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001, mar aon leis na Rialacháin um Achomhairc Talmhaíochta, 2002, arna leasú, feidhmeanna an Stiúrthóra agus na nOifigeach Achomhairc, na cinntí a d'fhéadfaí a achomharc agus na nósanna imeachta atá le leanúint maidir le hachomhairc. Leag bunú na hOifige Achomhairc Talmhaíochta bonn reachtúil faoin bpróiseas achomharc maidir le scéimeanna na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá Oifigigh Achomhairc neamhspleách de réir an Achta. Ag teacht le ráiteas misin na hoifige, féachann an oifig le soirbhiú don chliant agus leis an tseirbhís a sholáthar ar dhóigh chúirtéiseach éifeachtúil. Tá sé ar cheann de phríomhghnéithe na hoifige go bhfuil sé de cheart ag an Achomharcóir éisteacht ó bhéal a fháil lena dtugann an tOifigeach Achomhairc an t-achomharcóir agus oifigigh na Roinne le chéile chun go n-éistear leis an dá thaobh den chás agus chun go gcuirtear ceisteanna Tar éis fíricí iomlána an cháis a mheas, seoltar litreacha ina leagtar amach an cinneadh go cuimsitheach chuig an Achomharcóir agus chuig an Roinn araon.

## Lámhleabhar Nósanna Imeachta

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, leagtar oibleagáid dhlíthiúil ar an oifig seo Lámhleabhar Nósanna Imeachta a ullmhú, ina leagtar amach eolas maidir leis an Oifig Achomhairc Talmhaíochta agus sonraí de rialacha, nósanna imeachta agus léirmhínithe inmheánacha a bhíonn in úsáid ag Oifigigh Achomharc. Is féidir teacht ar an Lámhleabhar Nósanna Imeachta ar ár láithreán gréasáin, www.agriappeals.gov.ie agus tá eolas ann ar na hábhair seo a leanas:

- An struchtúr, an t-eagrúchán agus ainmneacha agus sannúcháin na mball foirne
- Feidhmeanna, cumhachtaí agus dualgais
- Seirbhísí don phobal
- Rialacha agus treoirlínte
- Nósanna imeachta na hOifige
- Aicmí na dtaifead atá á gcoimeád agus na socruithe chun teacht orthu
- Cearta athbhreithnithe agus achomhairc, lena n-áirítear cearta athbhreithnithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

## Plean Gnó

Is éard atá i bPlean Gnó 2014 ná an bhunchloch le hobair na hoifige agus tá sé faoi réir athbhreithniú rialta

## An Láithreán Gréasáin

Tá faisnéis áisiúil le fáil ar láithreán gréasáin na hOifige Achomhairc Talmhaíochta: www.agriappeals.gov.ie, áit ar féidir le hachomharcóirí an fhoirm dar teideal 'Nóta Faisnéise agus Foirm um Fhógra Achomhairc' a íoslódáil. Cé go bhféadfaí achomharc a thaisceadh gan an fhoirm seo a úsáid, ba chóir gach pioc den fhaisnéis a leagtar amach ar an bhfoirm a chur faoinár mbráid. Féadfar achomhairc a thaisceadh ar líne chuig an seoladh ríomhphoist: appeals.office@agriappeals.gov.ie

## Comhoibriú leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia agus Mara

Leanadh sa bhliain 2014 de theagmháil leanúnach a dhéanamh le rannáin éagsúla de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna éagsúla a d'eascair as cásanna achomhairc.

## Cruinnithe Oifigigh Achomharc

Bhí ocht gcruinniú ar siúl ag na hOifigigh Achomhairc sa bhliain 2014. Is é is príomhchuspóir na gcruinnithe seo ná comhsheasmhacht a chinntiú i dtaca le cur chuige agus plé a dhéanamh ar chúrsaí a bhaineann le hobair na hoifige

## Saoráil Faisnéise

Fuair an oifig trí iarratas fhoirmiúla faoi fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise.

## Oifig an Ombudsman

Faoin Acht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001, féadfaidh Achomharcóirí, a mbeidh achomharc curtha acu chuig an oifig seo, a iarraidh go ndéanfaidh Oifig an Ombudsman athbhreithniú ar a gcás. Rinneadh ocht n-achomharc a fuarthas i rith na bliana 2014 a tharchur chuig an Ombudsman sa bhliain 2014. Ní raibh aon achomharc sa bhliain 2013 inar iarr an tOmbudsman ar an oifig seo a cinneadh ina leith a leasú.

# 3. Nós Imeachta Achomhairc agus Éisteachtaí ó Bhéal

Tionóladh 329 éisteacht ó bhéal sa bhliain 2014. Phléigh 179 díobh seo le hachomhairc a cuireadh isteach sa bhliain 2014, bhain 143 le hachomhairc a cuireadh isteach sa bhliain 2013 agus bhain 5 cinn le hachomhairc a cuireadh isteach sa bhliain 2012 agus bhain dhá cheann le achomhairc a cuireadh isteach sa bhliain 2011.

Pléitear le hachomhairc san ord ina bhfaightear iad, de ghnáth. Nuair a fhaightear achomharc, déanann an oifig seo na nithe seo a leanas:

- Iarrann sí an comhad ábhartha ar an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus
- Iarrann sí go ndéanfaidh rannán ábhartha na Roinne ráiteas a sholáthar ina dtaispeántar a mhéid a admhaítear na fíricí agus an t-áitiú atá á gcur chun cinn ag an Achomharcóir nó a mhéid a chuirtear ina n-aghaidh.

Nuair a fhaightear an comhad ón Roinn, sannann an Stiúrthóir an cás d'Oifigeach Achomhairc. Déanann an tOifigeach Achomhairc teagmháil leis an Achomharcóir an tráth sin i dtaca leis an gcás. Déanann an oifig socruithe d'éisteacht ó bhéal, má iarrann an tAchomharcóir a leithéid d'éisteacht nó má mheasann an tOifigeach Achomhairc go bhfuil gá lena leithéid d'éisteacht.

Tar éis fíricí iomlána an cháis a scrúdú agus a bhreithniú, déanann an tOifigeach Achomhairc cinneadh agus eisíonn sé/sí litir chuig an Achomharcóir ina leagtar amach toradh an achomhairc agus ina liostaítear na fáthanna leis an gcinneadh.

Tá sé ar cheann de phríomhghnéithe na hoifige go bhfuil sé de cheart ag an Achomharcóir éisteacht ó bhéal a fháil. Is iad seo a leanas na príomhghnéithe a bhaineann le héisteacht ó bhéal:


- Reáchtáiltear go príobháideach í.
- Tá sí neamhfhoirmiúil.
- Bíonn ceart ag an Achomharcóir ionadaí a bheith i láthair ach ní mór don Achomharcóir féin a bheith i láthair ag an éisteacht.

I bhfianaise an ghá atá le feidhmiú go héifeachtúil, féachann an Oifig Achomhairc Talmhaíochta le héisteachtaí ó bhéal a thionól in áit atá áisiúil don Achomharcóir, i gcás inar féidir sin, agus le héisteachtaí ó bhéal a ghrúpáil sa chaoi go seolfaidh Oifigeach Achomhairc roinnt éisteachtaí ar an lá céanna i réigiún ar leith.

## 4. Staitisticí – 2014


Fuarthas 610 cás sa bhliain 2014 i gcomparáid le 886 chás sa bhliain 2013, ar laghdú 32% é seo. Anuas air sin, tá an figiúr seo níos ísle ná an meánlíon 688 achomharc sa bhliain, faoi mar a thaispeántar thíos;

**4(a) Achomhairc a fuarthas de réir na bliana ó 2005 go 2014.**





| | |
|---|---|
| Ten Year Trend | Treocht Deich mBliana |

**4(a) Achomhairc a fuarthas de réir na míosa i rith na bliana 2014.**




| | |
|---|---|
| **Jan** | **Eanáir** |
| **Feb** | **Feabhra** |
| **Mar** | **Márta** |
| **Apr** | **Aibreán** |
| **May** | **Bealtaine** |
| **Jun** | **Meitheamh** |
| **July** | **Iúil** |
| **Aug** | **Lúnasa** |
| **Sep** | **Meán Fómhair** |
| **Oct** | **Deireadh Fómhair** |
| **Nov** | **Samhain** |
| **Dec** | **Nollaig** |


**4(c) Achomhairc a fuarthas de réir Contae i rith na bliana 2014.**




| | |
|---|---|
| Carlow | Ceatharlach |
| Cavan | An Cabhán |
| Clare | An Clár |
| Cork | Corcaigh |
| Donegal | Dún na nGall |
| Galway | Gaillimh |
| Kerry | Ciarraí |
| Kildare | Cill Dara |
| Kilkenny | Cill Chainnigh |
| Laois | Laois |
| Leitrim | Liatroim |
| Limerick | Luimneach |
| Longford | An Longfort |
| Louth | Lú |
| Mayo | Maigh Eo |
| Meath | An Mhí |
| Monaghan | Muineachán |
| Offaly | Uíbh Fhailí |
| Roscommon | Ros Comáin |
| Sligo | Sligeach |
| Tipperary | Tiobraid Árann |
| Waterford | Port Láirge |
| Westmeath | An Iarmhí |
| Wexford | Loch Garman |
| Wicklow | Cill Mhantáin |

### 4(d) Achomhairc a fuarthas de réir Scéim i rith na bliana 2014.

Ní thagraíonn an tábla seo ach do Scéimeanna a bhfuarthas breis agus 10 n-achomharc ina leith.






| Received | Faighte |
|---|---|
| AEOS | AEOS |
| Beef Data Programme | An Clár Sonraí Mairteola |
| Dairy Equipment Scheme | An Scéim Trealamh Déiríochta |
| Disadvantaged Area Scheme | Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste |
| Organic Farming Scheme | an Scéim um Fheirmeoireacht Orgánach |
| Rural Environmental Protection | Caomhnú an Chomhshaoil faoin Tuath |
| SFPS – Cross Compliance | SFPS – Traschomhlíonadh |
| SFPS – Cross Compliance – Nitrates | SFPS – Traschomhlíonadh |
| SFPS – Late Submission of Application | SFPS – Seoladh Déanach Iarratais |
| SFPS – Overdeclaration of | SFPS – Ródhearbhú |
| SFPS – Surrender of unused | SFPS – Géilleadh |

### 4(e) Toradh achomharc a dúnadh in 2014 (727 cás ar an iomlán, ar bhain 323 díobh le 2014)

| Torthaí an Chinnidh | Líon | Céatadán |
|---|---|---|
| Ceadaithe, Ceadaithe go Páirteach nó Leasaithe ag an Roinn | 110 | 34% |
| Achomhairc a Aistarraingíodh, atá Neamhbhailí agus a Rith as Am | 69 | 21% |

| | | |
|---|---|---|
| Dícheadaithe | 144 | 45% |




| | |
|---|---|
| **Outcome – Appeals received in 2014** | **Toradh – Achomhairc a fuarthas in 2014** |
| **Appeals Allowed, Partially Allowed or Revised by the Department** | **Ceadaithe, Ceadaithe go Páirteach nó Leasaithe ag an Roinn** |
| **Appeals Withdrawn, Invalid and Out of Time** | **Achomhairc a Aistarraingíodh, atá Neamhbhailí agus a Rith as Am** |
| **Appeals Disallowed** | **Achomhairc dícheadaithe** |
| **Outcome – All cases closed in 2014** | **Toradh – Gach cás a dúnadh in 2014** |
| **Appeals Allowed, Partially Allowed or Revised by the Department** | **Ceadaithe, Ceadaithe go Páirteach nó Leasaithe ag an Roinn** |
| **Appeals Withdrawn, Invalid and Out of Time** | **Achomhairc a Aistarraingíodh, atá Neamhbhailí agus a Rith as Am** |
| **Disallowed** | **Dícheadaithe** |

**Téarmaíocht**

**Achomharc a Ceadaíodh** Mar a gcinneann an tOifigeach Achomhairc, tar éis breithniú a dhéanamh ar an gcás a áitítear, gur cóir cealú a dhéanamh ar chinneadh na Roinne ó thaobh pionós a ghearradh.

**Achomharc a Ceadaíodh go Páirteach** Áirítear leis an gcatagóir seo cásanna ina gcinneann Oifigeach achomhairc gur ceart pionós níos lú nó pionós athbhreithnithe a bheith i bhfeidhm.

**Cásanna a d'athbhreithnigh an Roinn nuair** Áirítear leis an gcatagóir seo cásanna ina n-athbhreithníonn an Roinn a cinneadh bunaidh ar bhonn faisnéise a chuireann an tAchomharcóir faoi bhráid na hOifige Achomhairc Talmhaíochta nó bunaithe ar fhaisnéis a sholáthraítear ag an éisteacht ó bhéal. D'fhéadfadh seo tarlú tar éis go ndéanann an Oifig Achomhairc ionchur substainteach.


**Neamhbhailí** Áirítear leis an gcatagóir seo achomhairc ar cheisteanna nach mbaineann leis an oifig (i.e. Scéimeanna nach liostaítear sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Achomhairc Talmhaíochta), cásanna roimh an 13 Bealtaine 2002, achomhairc a dhéantar faoi dhó agus cásanna nach bhfuil aon chinneadh iarbhír orthu déanta go fóill ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

**Achomhairc nach ndearnadh in am** Ní mór d'iarratasóirí achomharc a dhéanamh laistigh de thrí mhí tar éis cinneadh na Roinne a fháil agus ní ghlactar le hachomhairc a fhaightear tar éis an trátha sin. I gcás a bhfuil cúinsí eisceachtúla ann, áfach, féadfaidh an Stiúrthóir cead a thabhairt cás a bhreithniú má thaisctear tar éis trí mhí é.

**Achomharc a Dícheadaíodh** Mar a gcinneann an tOifigeach achomhairc, tar éis breithniú a dhéanamh ar an gcás, nach ndlíonn na forais achomhairc an cinneadh a chur ar ceal agus go bhfuil an pionós a ghearr/an cinneadh a rinne an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ceart.

### 4(f) Iarratais ar Phríomhscéim na Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara in 2014

Ar mhaithe le cuspóirí léiritheacha, leagtar amach thíos na líonta iomlána iarratas a fuair an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara in 2014 sna Scéimeanna níos mó a oibrítear.



## 4(g) Toradh de réir Scéime a fuarthas an 31 Nollaig 2014

| SCÉIM | Faighte | Dúnta | Ceadaithe | % | Ceadaithe go Páirteach | % | Leasaithe ag an Roinn | % | Aistarraingthe | % | Neamhbhailí | % | As Am | % | Dícheadaithe | % | Oscailte | % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| AEOS | 86 | 43 | 1 | 2.32% | 0 | | 4 | 9.31% | 1 | 2.32% | 1 | 2.32% | 6 | 13.96% | 30 | 69.77 | 43 | 50% |
| An Clár Sonraí Mairteola | 28 | 22 | 1 | 4.55% | 0 | | 8 | 36.36% | 0 | | 1 | 4.55% | 0 | | 12 | 54.54% | 6 | 21.43% |
| An Scéim Trealamh Déiríochta | 16 | 10 | 1 | 10.00% | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 1 | 10.00% | 8 | 80.00% | 6 | 37.50% |
| Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste | 29 | 14 | 0 | | 0 | | 3 | 21.43% | 1 | 7.14% | 2 | 14.29% | 2 | 14.29% | 6 | 42.85% | 15 | 51.72% |
| An Scéim um Luathscor den Fheirmeoireacht | 6 | 1 | 0 | | 1 | 100% | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 5 | 83.33% |
| Gnéithe Neamhluachála na Scéime Frithghníomhaí | 5 | 3 | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 1 | 33.00% | 2 | 67.00% | 2 | 40.00% |
| An Scéim um Fheirmeoireacht Orgánach | 11 | 4 | 1 | 25.00% | 0 | | 0 | | 0 | | 0 | | 3 | 75.00% | 0 | | 7 | 63.64% |
| *Eile | 23 | 14 | 0 | | 0 | | 2 | 14.29% | 0 | | 5 | 35.71% | 2 | 14.29% | 5 | 35.71% | 9 | 39.13% |
| An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil faoin Tuath (REPS) | 72 | 28 | 0 | | 7 | 25.00% | 7 | 25.00% | 0 | | 2 | 7.14% | 0 | | 12 | 42.86% | 44 | 61.11% |
| SFPS – Traschomhlíonadh | 88 | 52 | 1 | 1.92% | 6 | 11.54% | 7 | 13.46% | 2 | 3.85% | 1 | 1.92% | 8 | 15.39% | 27 | 51.92% | 36 | 40.91% |
| SFPS – Traschomhlíonadh agus Níotráití | 144 | 74 | 1 | 1.35% | 2 | 2.70% | 37 | 50.00% | 6 | 8.11% | 3 | 4.05% | 6 | 8.11% | 19 | 25.68% | 70 | 48.61% |
| SFPS – Taisceadh Déanach na nIarratas | 13 | 10 | 1 | 10.00% | 0 | | 3 | 30.00% | 0 | | 1 | 10.00% | 0 | | 5 | 50.00% | 3 | 23.08% |
| SFPS – Eile | 9 | 7 | 0 | | 1 | 14.29% | 1 | 14.29% | 0 | | 4 | 57.13% | 0 | | 1 | 14.29% | 2 | 22.22% |
| SFPS – Ró-Dhearbhú maidir le Talamh/Cur i Leataobh | 62 | 29 | 1 | 3.45% | 4 | 13.79% | 4 | 13.79% | 0 | | 4 | 13.79% | 4 | 13.79% | 12 | 41.39% | 33 | 53.23% |
| SFPS – Teidlíochtaí Neamhúsáidte a Thabhairt Suas don Chúlchiste Náisiúnta | 11 | 8 | 2 | 25.00% | 0 | | 2 | 25.00% | 0 | | 1 | 12.50% | 0 | | 3 | 37.50% | 3 | 27.27% |
| Fálú/Trealamh Soghluaiste Láimhseála Caorach | 7 | 4 | 0 | | 0 | | 1 | 25.00% | 0 | | 0 | | 1 | 25.00% | 2 | 50.00% | 3 | 42.86% |

*Áirítear leis seo Scéimeanna ina bhfuarthas ní ba lú ná 5 achomharc, mar shampla: An Scéim um Leas Ba Diúil (3), SFPS – Ganndearbhú Talún (4) SFPS – Aistriú Teidlíochtaí (3) (3), na Scéimeanna eile go léir ina bhfuarthas 2 achomharc nó faoina bhun sin.

Ríomhadh an céatadán bunaithe ar thoradh chásanna 2014 a bhí dúnta amhail an 31 Nollaig 2014 (323 cás).

### 4(h) An Tréimhse Ama a Chaith an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Tugtar miondealú anseo thíos ar mheánlíon na laethanta a ghlac sé ón tráth a chuirtear iarratas chuig an Roinn ar ráiteas agus aon cháipéisíocht ábhartha go dtí an dáta a fhaightear iad. Ní thagraíonn an tábla seo ach do Scéimeanna a bhfuarthas breis agus 10 n-achomharc ina leith.

| SCÉIM | Meánlíon na laethanta a ghlac sé chun an comhad a sheoladh ar ais |
|---|---|
| **An Scéim um Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta** | 54 |
| **An Clár Sonraí Mairteola** | 19 |
| **Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste** | 69 |
| **An Scéim Trealamh Déiríochta** | 26 |
| **An Scéim um Fheirmeoireacht Orgánach** | 40 |
| **An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil faoin Tuath (REPS)** | 39 |
| **Scéim na hAoníocaíochta Feirme (SFPS)** | 28 |
| **Meán Foriomlán** | 34 |

Nuair a thaisctear achomharc leis an Oifig Achomharc Talmhaíochta, mar a fhoráiltear sna Rialacháin um Achomhairc Talmhaíochta, 2002, déanann an oifig é seo a leanas:

- Iarrann sí an comhad ábhartha agus aon cháipéisíocht/fhaisnéis ábhartha ar an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.
- Iarrann sí, chomh maith, go ndéanfaidh Rannán ábhartha na Roinne ráiteas a sholáthar ina dtaispeántar a mhéid a admhaítear na fíricí agus na háitimh atá á gcur chun cinn ag an Achomharcóir nó a mhéid a chuirtear ina n-aghaidh. Déanann an tOifigeach Achomhairc r an ráiteas seo a sheoladh chuig an Achomharcóir ina dhiaidh sin.

Iarrann an oifig ar an Roinn freagairt a thabhairt laistigh de dhá sheachtain ón lá a bhfaightear an iarraidh thosaigh. Déantar é seo chun a chinntiú gur féidir achomhairc a shannadh d'Oifigeach Achomhairc gan mhoill agus gur féidir iad a bhreithniú a luaithe is féidir. Eisítear meabhrúcháin sa chás nach

bhfreagraíonn an Roinn go pras – eisíodh 330 meabhrúchán sa bhliain 2014, agus seoladh an dara meabhrúchán ina dhiaidh sin, san áit ar ghá sin.

### 4(i) An tréimhse ama a ghlac sé ar an Oifig Achomhairc Talmhaíochta chun breithniú a dhéanamh ar chásanna.

I dtaobh cásanna a fuarthas in 2014, b'ionann an mheántréimhse ama a ghlac sé chun déileáil le cás agus 90 lá. Tá sprioc trí mhí leagtha síos ag an Oifig Achomharc di féin i dtaca leis an tréimhse ama idir an tráth a fhaightear comhad na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara go dtí an tráth a eisítear an litir ina bhfuil an cinneadh. Féadfaidh sé tarlú, mar gheall ar chúinsí nach bhfuil neart ag an Oifig Achomharc Talmhaíochta orthu, nach gcríochnófar cásanna áirithe laistigh den amscála atá leagtha síos.

### 4(j) Staid chúrsaí ag deireadh na bliana

Leagtar amach thíos an staid an 31 Nollaig 2013 maidir le cásanna a fuarthas sa bhliain 2014, in éineacht leis an staid an 31 Nollaig 2013 i leith na bliana 2013 chun críocha comparáide.

Ar an iomlán, dúnadh 727 cás sa bhliain 2014 – fuarthas 323 cás sa bhliain 2014, fuarthas 382 cás sa bhliain 2013, fuarthas 18 gcás sa bhliain 2012 agus fuarthas 4 chás sa bhliain 2011.

| | An staid an 31 Nollaig 2014 Cásanna 2014 | An staid an 31 Nollaig 2013 Cásanna 2013 |
|---|---|---|
| **Cásanna a dúnadh** | **323** | **468** |
| **Obair ar bun – an Oifig Achomhairc Talmhaíochta** | **168** | **277** |
| **Ag feitheamh le freagairt ón Roinn** | **119** | **141** |
| **Fo-iomlán na gcásanna siúd ar láimh** | **287** | **418** |
| **FORIOMLÁN** | **610** | **886** |

# 5. Coiste Achomhairc um Athbhreithniú Incháilitheachta an Chórais Aitheanta Dáileachtaí Talún (LPIS)

Bunaíodh Coiste Achomhairc um Athbhreithniú Incháilitheachta an LPIS i nDeireadh Fómhair 2013 chun breithniú a dhéanamh ar achomhairc ó fheirmeoirí i dtaca le hAthbhreithniú ar Incháilitheacht an LPIS 2013. Tá an tUasal Pádraig Gibbons mar chathaoirleach ar Choiste Achomhairc an LPIS agus tá ar an gcoiste sin Oifigigh Achomhairc ón Oifig Achomhairc Talmhaíochta. Rinne an coiste breithniú ar 434 cás in 2014. As na 434 cás, moladh go gceadófaí 42 cás, go gceadófaí 56 cás go páirteach, go ndícheadófaí 301 cás, in 28 cás, moladh Seiceáil Fíordheimhnithe Talún agus measadh go raibh 7 gcás neamhbhailí nó lorgaíodh breis faisnéise iontu.

### 5(a) Cásanna Choiste an LPIS ar déileáladh leo in 2014

| Stádas Achomharc Choiste an LPIS an 31 Nollaig 2014 | Líon na gCásanna |
|---|---|
| **Cásanna a breithníodh in 2014** | **434** |
| **Ceadaithe** | **42** |
| **Ceadaithe go Páirteach** | **56** |
| **Dícheadaithe** | **301** |
| **Moladh Seiceáil Fíordheimhnithe Talún** | **28** |
| **Eile (Neamhbhailí / Neamhiomlán)** | **7** |

# 6. Cásanna Achomhairc Áirithe

## Cás 1: An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil faoin Tuath (REPS 4).

D'éirigh leis an Achomharcóir iarratas a dhéanamh bheith rannpháirteach in REPS 4 agus tugadh dáta tosaigh an 1 Iúil 2009 don Achomharcóir. I litir a d'eisigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (an Roinn) i 2013, cuireadh an tAcomharcóir ar an eolas, i ndiaidh cigireacht a dhéanamh ar a ghabháltas, gur cuireadh pionós 50% i bhfeidhm mar gheall nár coimeádadh teorainneacha buana páirce ar léarscáil, agus gur cuireadh pionós 1% i bhfeidhm mar gheall ar neamhchomhlíonadh ceanglas sonrach faoi Ghealltanas Bithéagsúlachta, Beart 2, agus, ar an ábhar sin, gur cuireadh pionós iomlán 51% i bhfeidhm.

Rinne an tAchomharcóir achomharc ina dhiaidh sin leis an Oifig Achomhairc Talmhaíochta. Rinneadh an t-achomharc ar an mbonn gur chrainn a bhí san fhál sceach a baineadh a chuir daoine i mbaol agus, mar thoradh air sin, gur baineadh iad ar chúiseanna sábháilteachta.

Ag an éisteacht ó bhéal, rinne an tAchomharcóir an argóint nár baineadh an fál sceach i gcuid den cheapach a bhí i gceist, agus nach ndearnadh ach an chré a chothromú.

Tá Mír 18 de Théarmaí agus Coinníollacha REPS 4 den teideal 'Pionóis'. Luaitear in Alt 18.1; *Má theipeann ort Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime, an plean agra-chomhshaoil agus/nó Lámhleabhar Feirmeoirí REPS a chomhlíonadh, eascróidh an pionós/smachtbhanna cuí as.* Liostaítear in Iarscríbhinn 1 de théarmaí agus coinníollacha na Scéime pionóis REPS. Faoi Bheart 5, liostaítear gurb ionann an pionós i dtaobh *Gan teorainneacha buana páirce a choimeád* agus idir 5% agus 50%.

Dheimhnigh an tOifigeach Achomhairc gur sáraíodh téarmaí agus coinníollacha REPS 4 agus go raibh gá le pionós a ghearradh. Baineadh an tátal as, áfach, go raibh gá, mar gheall ar na cúinsí maolaitheacha, chun an pionós 50% mar gheall ar fhál sceach a bhaint a laghdú anuas go dtí 20%. Níor athraíodh an pionós 1%. Ceadaíodh an t-achomharc go páirteach sa mhéid gur laghdaíodh an pionós iomlán anuas go dtí 21%.

## Cás 2: An Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta

Rinne an tAchomharcóir iarratas ar bheith páirteach sa Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta (AEOS) agus liostaíodh Féarach ar Mhórán Speiceas, agus Móinéar Traidisiúnta Féir mar Ghníomhartha Éigeantacha, agus Acmhainní Géiniteacha Ainmhithe a Chaomhnú, agus Cur Crann – Caighdeánach mar Ghníomhartha Forlíontacha. D'éirigh leis an iarratas agus tugadh dáta tosaigh conartha an 1 Meán Fómhair 2010 don Achomharcóir. I litir a eisíodh in 2014, chuir an Roinn an tAchomharcóir ar an eolas gur nocht seiceálacha riaracháin nach ball de chuid Chumann Póraitheoirí Chapaillíní Chonamara an tAchomharcóir ó dháta tosaigh chonradh a AEOS, agus mar gheall go raibh an gníomh neamh-incháilithe le haghaidh

íocaíochta, bhí gach airgead a íocadh maidir leis an ngníomh le bheith aisíoctha. Rinne an tAchomharcóir achomharc ina dhiaidh sin leis an Oifig Achomhairc Talmhaíochta.

Sna sonraíochtaí don Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta agus Scéim Natura 2000 faoi theideal 'Caomhnú Acmhainní Géiniteacha Ainmhithe (Pórtha Annamh) ar leathanach 12; *Ní mór duit bheith mar bhall de chumann faofa póraithe agus ní mór duit fanacht bheith i do bhall den chumann póraithe ar feadh thréimhse an chonartha.*

Dheimhnigh an tOifigeach Achomhairc nár bhall den chumann faofa póraithe an tAchomharcóir ó tosaíodh conradh a AEOS agus, ar an ábhar sin, níor comhlíonadh coinníollacha na Scéime. Dícheadaíodh an t-achomharc.

## Cás 3: An Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta

Cuireadh tús le conradh Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta (AEOS) an Achomharcóra an 1 Meán Fómhair 2010. Scríobh an Roinn chuig an Achomharcóir in 2014 agus cuireadh an tAchomharcóir ar an eolas nár ndearnadh éileamh ar dháileachtaí talún áirithe ar bhain gníomhartha an AEOS leo ar Scéim Íocaíochta Aonair 2013 (SPS) faoi mar a theastaigh, agus iarradh ar chúis. D'fhreagair an tAchomharcóir agus luadh gur ligeadh an talamh ar léas mar gheall gur tháinig meath ar a shláinte. D'eisigh an Roinn litir ina dhiaidh sin inar luadh nach raibh dóthain fianaise ann chun deireadh a chur le rannpháirteach sa Scéim faoi force majeure; cuireadh deireadh leis an bplean agus iarradh ar íocaíochtaí a aisíoc.

San achomharc, luaigh an tAchomharcóir go ndeachaigh sé/sí thar lear ar feadh tréimhse shínte, tar éis comhairle leighis a fháil, agus é/í ag súil leis go gcuirfeadh an t-athrú aeráid feabhas ar a s(h)láinte. Rinne sé/sí litir a sheoladh isteach ón LG inar deimhníodh gur cuireadh comhairle orthu bliain roimhe sin chun aon teagmháil a dhéanamh le feirmeoireacht.

Ag an éisteacht ó bhéal, seoladh breis fianaise leighis, litreacha dochtúirí agus comhairleach agus sonraí faoi chur san ospidéal. Luaigh an tAchomharcóir nár comhlánaíodh iarratas ar SPS in 2014 mar gheall gur stop siad ag feirmeoireacht i bhfómhar 2013; rinneadh an talamh a léasú in dhá léas ar leith in earrach agus i bhfómhar 2013. Dúirt siad nach raibh siad feasach air go raibh fadhb i gceist nuair a ligeadh an talamh ar léas; gur tháinig meath gan choinne ar a sláinte. I ndiaidh na héisteachta ó bhéal, sheol an tAchomharcóir cóipeanna de léasanna talún 2013 chuig an Oifigeach Achomhairc; bhí léasanna de théarmaí cúig bliana ag an dá léasú.

Sa litir chinnidh, shonraigh an tOifigeach Achomhairc téarmaí agus coinníollacha an AEOS (2010).
Mír 6.1 – *Le bheith incháilithe chun páirt a ghlacadh, déanfaidh feirmeoir an méid a leanas:....gach talamh a dhearbhú ar an gCóras Comhtháite Rialaithe agus Riaracháin (IACS).*

Mír 10.1 – *Sa chás nach leantar le gach cuid nó cuid de ghealltanas ar feadh tréimhse íosta cúig bliana, aisíocfar an cúnamh go léir nó cuid de, a bhaineann leis an ngealltanas.*

Mír 18 – *Sa chás nach bhfuil tairbhí in ann leanúint leis na gealltanais a tugadh a chomhlíonadh ar chúiseanna nach bhfuil smacht aige/aici orthu, féadtar cás a dhéanamh faoi force majeure chun an plean a fhoirceannadh...féadtar na catagóirí a leanas de force majeure a aithint...éagumas gairmiúil fadtréimhseach an rannpháirtí...*

Ghlac an tOifigeach Achomhairc leis gur ghá don Achomharcóir staonadh den fheirmeoireacht in 2013 mar gheall ar dhorchshláinte, agus dheimhnigh an tOifigeach gurbh ionann na léasanna a seoladh ar aghaidh agus an fhianaise gur stop sé den fheirmeoireacht. Dheimhnigh an tOifigeach Achomhairc gur soláthraíodh dóthain fianaise chun glacadh leis gur cuireadh force majeure i bhfeidhm faoi éagumas gairmiúil fadtréimhseach; nach raibh an tAchomharcóir in ann leanúint le gealltanais an AEOS a chomhlíonadh ar chúiseanna nach bhfuil smacht orthu. Ceadaíodh an t-achomharc, cuireadh deireadh le conradh an AEOS agus ní dhearnadh aon íocaíochtaí an AEOS a rinneadh a aisghlámadh.

## Cás 4: An Scéim um Fheirmeoireacht Orgánach.

Dhearbhaigh iarratasóir in 2009 ar an Scéim um Fheirmeoireacht Orgánach (OFS) 2 chapall ar a ndearbhú bliantúil i leith gníomhaíocht feirmeoireachta in 2013. Dheimhnigh an Roinn nach raibh na capaill deimhnithe mar ainmhithe orgánacha agus nach bhféadfaí iad a chur san áireamh sa ríomh le haghaidh íocaíochta. Scríobh an Roinn chuig an Achomharcóir agus thug sé cuntas air go raibh an leibhéal teidlíochta don OFS in 2013 bunaithe ar achar 20 heicteár (seachas an t-achar 30 heicteár a éilíodh). Ag éisteacht ó bhéal, thug an tAchomharcóir cuntas ar na deacrachtaí a bhain le feirmeoireacht orgánach, agus luadh go ndearnadh feirmeoireacht ar bhealach orgánach san fheirm agus gur tugadh min orgánach do na capaill nuair a bhí siad ar an bhfeirm.

Leagtar freagracht ar iarratasóirí a bheith feasach ar riachtanais na Scéime trí bheith rannpháirteach san OFS. Ag an tosach, síníonn iarratasóirí dearbhú ina luann siad *...go gcomhaontaíonn siad chun cloí le agus bheith faoi cheanglas gach ceann de choinníollacha na Scéime...tuigim agus glacaim leis go bhfuil an 'fhreagracht ar an iarratasóir cur amach a bheith aige/aici féin ar choinníollacha na Scéime.* Luaitear ann; *Is é cuspóir na Scéime seo chun tairbhí feabhsaithe comhshaoil agus leas ainmhithe a sholáthar agus chun táirgeoirí a spreagadh chun freagairt don éileamh margaidh atá ar bhia a thairgtear go horgánach.*

Luaitear i Mír 4.2; *Ní mór beostoc agus táirgí bairr a tháirgeadh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 834/07 ón gComhairle, arna leasú. Gearrtar in Ionstraim Reachtúil Uimh. 30 de 2009 breis coinníollacha nach mór a chomhlíonadh".* Déileálann Iarscríbhinn 2 le Ríomh íocaíochtaí agus luaitear *Faoin Scéim, gheobhaidh <u>táirgeoirí beostoic</u> orgánacha íocaíocht a ríomhadh ar bhonn leibhéal íosta stocála 0.5 aonad beostoic in aghaidh an heicteáir de limistéar incháilithe foráiste a dhearbhaítear. Ceadaíonn an socrú seo d'fheirmeoirí chun íocaíocht a fháil ar bhonn pro rata i dtaobh a leibhéal táirgthe. Ní mór an limistéar incháilithe a ríomh ó*

*Dhearbhú Bliantúil um Ghníomhaíocht Feirmeoireachta (Foirm OFS2) an rannpháirtí.* Tá fonóta leis an téacs ar ríomh an aonaid bheostoic ina luaitear; *Capaill bhaineanna nó fhireanna 2 bhliain d'aois nó níos sine, a bhfuil pas acu, in ainm an oibreora orgánaigh a thug incháilitheacht le fios le haghaidh tomhaltais ag daoine agus a dheimhníonn an OCB amhail bheith orgánach. Tá gach capall eile neamh-incháilithe agus, ar an ábhar sin, ní féidir iad a chur san áireamh nuair a ríomhtar líon aonaid bheostoic an rannpháirtí.* Bhain an tOifigeach Achomhairc an tátal as nár measadh go raibh capaill incháilithe le haghaidh ríomhanna dlús stocála ach iad siúd a bhí deimhnithe amhail bheith orgánach. Luaigh an comhlacht deimhniúcháin sa chás seo nár deimhníodh na capaill amhail bheith orgánach. Dícheadaíodh an t-achomharc.

## Cás 5: Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste

Fuarthas iarratas faoi Scéim Íocaíochta Aonair 2013 sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, feidhmíonn seo mar iarratas, chomh maith, faoi Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste (DAS). Cuireadh an tAchomharcóir ar an eolas nár cáilíodh é/í do Scéim an DAS mar gheall nár chomhlíon sé/sí téarmaí agus coinníollacha na Scéime sin sa mhéid nár chloígh sé/sí leis an tréimhse choimeádta seacht mí nach mór d'fheirmeoir dlús stocála 0.15 aonad beostoic in aghaidh an heicteáir a choimeád. Úinéir nuachláraithe tréada a bhí san Achomharcóir agus rinne sé/sí talamh a fháil ar cíos, agus ghlac sé roinnt ama chun teacht ar ainmhithe don tréad. Bogadh ainmhithe isteach sa tréad ag deireadh Iúil 2013, a raibh go leor díobh foinsithe ó dhuine muinteartha. Anuas air sin, áitíodh nach raibh an tAchomharcóir feasach ar an athrú a tháinig ar an Scéim inar méadaíodh an tréimhse inar ghá ainmhithe a choimeád aníos ó 3 mhí roimh 2012 go dtí 7 mí ó 2012 i leith. D'aistreofaí ainmhithe isteach ní ba luaithe dá mbeadh an tAchomharcóir feasach ar an gceanglas seo.

Maidir leis an Scéim seo, go háirithe, leagtar amach na ceanglais in alt 22 de na téarmaí agus coinníollacha:-

*'Le bheith incháilithe d'íocaíocht faoi DAS 2013, ní mór duit, i do cheart féin*
*Uimhir Thréada bhailí a bheith agat a d'eisigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara,*
*(5) Gealltanas a thabhairt chun feirmeoireacht agus bainistiú a dhéanamh ar an talamh ar a ndearnadh iarratas in 2013, don bhliain iomlán féilire,*
*(8) Gabháltas a bheith agat a chomhlíonann na leibhéil íosta stocála.*

2. *Íosdlús Stocála 0.15 aonad beostoic in aghaidh an heicteáir foráiste in 2013 – Méadaítear an tréimhse choimeádta aníos go dtí seacht mí i ndiaidh a chéile sa chás gur gá don dlús stocála ar an ngabháltas bheith cothrom le nó níos mó ná 0.15 aonad beostoic in aghaidh an heicteáir foráiste. Anuas ar 0.15 aonad beostoic a choimeád ar feadh tréimhse íosta choimeádta seacht mí i ndiaidh a chéile, ní mór d'iarratasóirí meánlíon bliantúil 0.15 aonad beostoic a choimeád, chomh maith, a ríomhtar i gcaitheamh 12 mhí bhliain na Scéime.*

Aithníodh gurbh úinéir nuachláraithe tréada an tAchomharcóir agus gur eisíodh an uimhir thréada i Meitheamh 2013 agus nach raibh sé/sí in ann ainmhithe a cheannach go dtí gur eisíodh an uimhir seo. Ina ainneoin seo, dheimhnigh an tAchomharcóir go raibh sé/sí feasach ar théarmaí agus coinníollacha na Scéime trí fhoirm iarratais 2013 an SPS a shíniú. Luaitear sa cháipéis seo go soiléir go raibh air/uirthi dlús íosta stocála 0.15 aonad beostoic in aghaidh an heicteáir a choimeád ar feadh tréimhse seacht mí i ndiaidh a chéile. Ar an ábhar sin, faoin Achomharcóir a bhí sé an talamh a stocáil a luaithe ab fhéidir mar gheall gur eisíodh an uimhir thréada chun an ceanglas seo a chomhlíonadh. Dícheadaíodh an t-achomharc.

## Cás 6: Traschomhlíonadh na Scéime Íocaíochta Aonair (SPS) faoi Dhea-Choinníollacha Talmhaíochta agus Comhshaoil (GAEC) agus Ceanglas Bainistíochta Reachtúil (SMR) 4.

Braitheadh neamhchomhlíonadh cheanglais Níotráití SMR4 agus cheanglais an GAEC le linn cigireacht a dhéanamh ar fheirm a rinneadh thar ceann an Údaráis Áitiúil.

Tháinig an chigireacht ar fhianaise i leith an mhéid a leanas;

- Ceadaíodh d’uisce glan meascadh le sciodar, bhí gáitéir sceimhleacha ar iarraidh ó roinnt foirgnimh feirme, agus mar gheall air sin, shalaigh an t-uisce báistí clóis agus mhéadaigh seo an t-uisce salaithe a cruthaíodh.
- Níor bailíodh eisilteach sadhlais – ní raibh cainéil ar dhá bhonn sadhlais.
- Ní dhearnadh coimeád leordhóthanach ar aoileach orgánach, rinneadh eallach a bheathú i gclós oscailte agus ní raibh aon áiseanna ann chun rith chun srutha a bhailiú.
- Bhí lochtanna struchtúracha ar log aoiligh, bhí roinnt oscailtí as a raibh eisilteach ag sileadh go díreach isteach sa screamhuisce.
- Stóráladh aoileach an chlóis feirme i ndáileacht i gcaitheamh na tréimhse toirmiscthe.

Cuireadh smachtbhanna ‘Intinne’ 20% i bhfeidhm faoi SM4 mar gheall ar dhrochbhainistiú a dhéanamh ar ábhair orgánacha as ar eascair sileadh díreach isteach sa screamhuisce. Anuas air sin, deimhníodh sa chigireacht go raibh fál dáileachta briste in dhá áit agus thángthas ar phóitseáil laistigh de dháileacht agus cuireadh smachtbhanna 5% i bhfeidhm faoin GAEC.

Luaigh an tAchomharcóir go ndearna drochaimsir fhliuch difear do chobhsaíocht talún agus mar gheall ar rith chun srutha méadaithe, bhí moill ar thabhairt faoi phlean forbartha clós feirme a raibh airgeadas ina fhadhb de chomh maith. Luaigh an tAchomharcóir go ndearnadh uisce báistí a atreorú chuig seid lataí chun cabhrú le suaitheadh sciodair agus gur bailíodh é chun uisce a sholáthar d’umair sa chlós feirme agus nárbh ionann an clós agus clós salaithe. Luaigh an tAchomharcóir gur tógadh an log aoiligh de réir sonraíocht deontais sna 1970idí agus go raibh na hoscailtí ann chun úscadh a ligeann chun umar faoin talamh a bhaint amach. Luaigh an tAchomharcóir go raibh cainéal eisiltigh píobaithe isteach in umar lataí ó bhonn sadhlais amháin agus go raibh fána ar an mbonn eile leis an log aoiligh seachas le talamh. Luaigh an tAchomharcóir go

ndearnadh tástáil ar an screamhuisce laistigh de 40m den chlós feirme agus nár aimsíodh aon saincheist, go bhfuil a tobar féin ag an bhfeirm agus go mbaineann tábhacht mhór le cáilíocht an uisce.

Luaigh an tAchomharcóir gur eascair an phóitseáil ó roinnt laoithe scoite a fágadh amuigh ar ardtalamh le linn aimsir fhíor-fhliuch ach go ndearnadh iad a stocáil laistigh de theorainneacha REPS. Luaigh an tAchomharcóir go raibh an t-aoileach a bhí stóráilte ar thalamh ann ó thráth déanach in 2012 agus gur chuir drochaimsir cosc ar scaipeadh. Luaigh an tAchomharcóir, i dtaca le promhadh stoic, go mbíodh fál ag gabháil thart ar an dáileacht roimhe seo le cuaillí agus le sreang, úsáidtear fál leictreach ansin agus níor sáraíodh na teorainneacha riamh.

Níor tháinig an tOifigeach Achomhairc ar lua ar bith d'fhál leictreach a aimsiú ar na tuairiscí cigireachta nó ar an bhfógra tosaigh a eisíodh don Achomharcóir, agus in éagmais na tagartha sin ar na tuairiscí oifigiúla, rinneadh an ghné seo de smachtbhanna an GAEC a chur ar ceal. Thaispeáin na tuairiscí cigireachta go raibh achar a sháraigh 2 heicteár an-phóitseáilte mar thoradh ar cothú geimhridh. Níor glacadh le leibhéil dlúis na stocála mar bhunúis mhaolaithe don sárú seo agus níor seasadh leis an ngné seo de smachtbhanna an GAEC.

Le linn na cigireachta, bhí gáitéir ar iarraidh ó fhoirgnimh feirme agus thit uisce báistí ar chlóis shalaithe agus mheasc siad le sciodar, áiríodh leis an tuarascáil sceitse clós feirme a thaispeáin treonna sreabhaidh. Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara go raibh pleananna i bhfeidhm chun an clós feirme a fhorbairt ach dheimhníodh go raibh uisce glan a atreorú ó chlóis shalaithe ina cheanglas reachtúil ó 2006 i leith. Dheimhnigh an tOifigeach Achomhairc gur thug na bearnaí oscailte ar bhallaí log an aoiligh le fios nach raibh cothabháil agus bainistíocht á déanamh an tsaoráid bhunúil d'fhonn rith chun srutha nó úscadh a chosc, cé acu go díreach nó go hindíreach, isteach sa screamhuisce nó san uisce dromchla, agus gurbh ionann an cosc sin agus ceanglas reachtúil, chomh maith, ó 2006. Dheimhnigh an tOifigeach Achomhairc nach raibh na mínithe gur ghabh rith chun srutha chuig umar faoin talamh ar aon dul le torthaí na cigireachta – sileadh mórscála díreach isteach chuig an screamhuisce. Deimhníodh gurbh ionann toradh na cigireachta a bhain le cothú geimhridh a dhéanamh ar eallach i gclós nach raibh aon saoráid rith chun srutha ann agus sárú an cheanglais chun rith chun srutha a bhailiú agus a stóráil. Dheimhnigh an chigireacht nach raibh aon bhailiú eisiltigh i bhfeidhm ag an dá charn sadhlais. Luaigh comhairleach talmhaíochta an Achomharcóra go bhfuil cainéil i bhfeidhm anois agus go ndéantar eisilteach a phíobú isteach san umar lataí. Ceanglaíonn Rialachán na Níotráití go mbailítear eisilteach sadhlais agus go gcoimeádtar é ar bhealach a chuireann cosc ar an rith chun srutha nó ar úscadh, agus léiríonn an fhianaise nach raibh an ceanglas seo á chomhlíonadh.

Thángthas air, le linn na cigireachta, go raibh aoileach orgánach á stóráil i bpáirc i gcaitheamh na tréimhse ina gcuirtear cosc ar stóráil ar an talamh. Thaispeáin an fhianaise, áfach, go raibh an t-ábhar seo stóráilte i bpáirc ón mbliain roimhe sin agus, ar an ábhar sin, i gcaitheamh na tréimhse 18 seachtaine ina gcuirtear cosc air. Tá atreorú an scaipthe i gcás báisteach throm laistigh de sin a cheanglaíonn Rialachán na Níotráití, ach tagann stóráil talún an ábhair i gcaitheamh na tréimhse toirmiscthe salach ar an Rialachán.

Sonraíodh i dTéarmaí agus Coinníollacha SPS 2013 nach mór d'iarratasóirí roinnt SMRanna a chomhlíonadh agus talamh a choimeád sa GAEC. Déantar tagairt i dTéarmaí agus Coinníollacha SPS 2013 i Lámhleabhar Mínitheach Eanáir 2008 i dtaobh Rialacháin um Dhea-Chleachtas Talmhaíochta agus luaitear ann, d'fhonn uisce salaithe a íoslaghdú, ní mór d'fheirmeoir an t-uisce glan go léir a atreorú go dtí sruth éalaithe uisce ghlain, cosc a chur ar uisce glan ó éirí salaithe, an méid uisce salaithe a thairgtear ar ghabháltas a choimeád a ísle agus is féidir. Luaitear san fhoilseachán, chomh maith, nach mór gach leasachán orgánach, eisilteach agus uiscí salaithe a bhailiú ar bhealach a chuirfidh cosc ar rith chun srutha nó úscadh, go díreach nó go hindíreach, isteach i screamhuiscí nó in uisce dromchla. Chomh maith leis sin, ní mór d'fheirmeoir a chinntiú go bhfuil dóthain stóráil bhreise ann chun drochaimsir a chur san áireamh agus ní mór saoráidí stórála a choimeád díonach ar sceitheadh agus slán i dtaobh struchtúir de. Dheimhnigh an tOifigeach Achomhairc nár chomhlíon an feirmeoir gnéithe bhunúsacha na Rialachán Níotráití a bhí i bhfeidhm ó 2006 i leith agus seasadh leis an smachtbhanna ar leibhéal 'intinne'.

Ba é cinneadh an Oifigigh Achomhairc chun smachtbhanna an GAEC a laghdú anuas go dtí 3% agus chun seasamh leis an smachtbhanna 20% a cuireadh i bhfeidhm faoi SMR4. Ceadaíodh an t-achomharc go páirteach.

## Cás 7: An Scéim Íocaíochta Aonair (SPS) agus Scéimeanna eile a bhaineann le hachar

Bhain incháilitheacht achair leis an achomharc i dtaobh dhá dháileacht faoi Scéim Íocaíochta Aonair (SPS) 2013, Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste (DAS) agus Scéimeanna eile a bhaineann le hachar. Dheimhnigh cigireacht incháilitheachta talún nach ndearna an tAchomharcóir feirmeoireacht ar dhá dháileacht a ndearnadh éileamh orthu. I ndiaidh an chigireacht a dhéanamh, scríobh an tAchomharcóir chuig an Roinn agus lorgaíodh chun na dáileachtaí a aistarraingt. Cuireadh an tAchomharcóir ar an eolas, ina dhiaidh sin, go raibh na dáileachtaí faoi réir éilimh ag feirmeoir eile, chomh maith. Diúltaíodh cead a thabhairt don Achomharcóir chun iarratas 2013 a leasú agus measadh go raibh na dáileachtaí diúltaithe.

Chuir cigire na Roinne i gcuntas é ag an gcigireacht gur chuir an tAchomharcóir ar an eolas é/í ar an gcás nua sular thug sé/sí cuairt ar na dáileachtaí. Luaigh an cigire gur tugadh fógra dhá lá don chigireacht.

Luaigh an tAchomharcóir go raibh na dáileachtaí ar cíos ar feadh breis agus 12 bhliain trí shocrú ó bhéal agus gur íocadh astu go cúlghabhálach ag deireadh gach bliana. Luaigh an tAchomharcóir go ndearna an t-úinéir talún an socrú seo a mhionathrú in 2013, gan fógra, fiú cé gur scaip an tAchomharcóir leasachán ar an talamh i mBealtaine 2013. Mar thacaíocht leis an achomharc, sholáthair an tAchomharcóir sonraisc i dtaobh an leasacháin agus thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara go raibh dátaí ar chuid díobh nárbh ionann iad agus dáta na ráiteas a rinneadh san achomharc. Luaigh an tAchomharcóir gurbh é an chéad rud a thug le tuiscint go raibh feirmeoireacht á déanamh ag feirmeoir eile ar an talamh ná nuair a gearradh sadhlas ann ag deireadh Iúil 2013. Ar an lá céanna, thug an Roinn le fios go mbeadh cigireacht le déanamh, agus ní raibh aon deis ann chun fógra roimhe sin a thabhairt don Roinn ar an gcás nua.

Theastaigh ó na Téarmaí agus na Coinníollacha go raibh comhaontú scríofa cíosa i bhfeidhm d'aon talamh ar cíos a dearbhaíodh:- níor soláthraíodh aon chomhaontú cíosa nó níor taispeánadh gurbh ann dó. Dheimhnigh an tOifigeach Achomhairc gur sholáthair éilitheoir eile 2013 comhaontú bailí scríofa cíosa.

Rinneadh fógra an Achomharcóra chuig an Aonad Íocaíochta Aonair chun dáileachtaí a bhaint don bhliain 2013 ar dháta i ndiaidh dháta na cigireachta agus dheimhnigh an tOifigeach Achomhairc nach gceadaítear sna Téarmaí agus Coinníollacha chun talamh a aistarraingt ach i ndiaidh an 31 Bealtaine 2013 sa chás nár tugadh fógra d'fheirmeoir faoi chigireacht ar an láthair. Luaitear, anuas air sin, sna Téarmaí agus Coinníollacha, má tugadh fógra d'fheirmeoir ar chigireacht ar an láthair agus má nochtann an chigireacht sin neamhrialtacht, ní féidir glacadh le leasú ar an gcuid sin den iarratas a bhfuil difear déanta di ag an neamhrialtacht a aimsíodh. Deimhníodh nach raibh na forálacha force majeure infheidhme faoi na cúinsí seo.

Mar gheall nár chomhlíon an tAchomharcóir ceanglais Théarmaí agus Choinníollacha SPS 2013 go mbeidh comhaontú scríofa cíosa i bhfeidhm agus a chuireann cosc ar dháileachtaí talún a aistarraing a luaithe a fhógraítear cigireacht nó neamhrialtacht, dícheadaíodh an t-achomharc.

## Cás 8: An Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta

Áiríodh le conradh AEOS2 an Achomharcóra dhá ghníomh éigeantacha, ar Cumhdach Éan Fiáin a bhí i gceist le ceann amháin díobh. I Meán Fómhair 2013, thug cigireacht faoi deara gur deimhníodh go ndearnadh ró-éileamh ar an limistéar Cumhdaigh Éan Fiáin, cuireadh pionós i bhfeidhm i gcomhréir le rialacha an IACS as ar eascair nach ndearnadh aon íocaíocht do Chumhdach Éan Fiáin don bhliain inar deimhníodh seo agus measadh go raibh an limistéar ar thángthas air ina limistéar incháilithe don ghníomh.

San achomharc, luaigh an tAchomharcóir gur bharr 2 bhliain a bhí sa chál a cuireadh agus nárbh ghá é a bhaint in 2013, i gcomhréir le conradh an AEOS. Luaigh an tAchomharcóir go raibh an limistéar a bhí curtha imeallach i dtaobh cineáil de agus gur ghá gan cur isteach air do dara bliain an cháil agus gur tháinig forbairt ar roinnt luachra. Soláthraíodh fáltas mar fhianaise gur cuireadh cál in 2012. Luaigh an tAchomharcóir gur cuireadh ros lín agus cál sa dáileacht ach nach raibh siad measctha agus gur bhain an tsaincheist le limistéar an cháil, ach go raibh an limistéar go léir curtha de lámh. Sholáthair an tAchomharcóir grianghraif a glacadh in 2014 a sholáthair fianaise i leith gais cháil i dtreo limistéar na dáileachta a raibh achomharc á dhéanamh ina leith.

Thángthas i rith chigireacht na Roinne ar stráice sainithe talún feadh taobh amháin den dáileacht Cumhdaigh Éan Fiáin nach raibh aon bharr curtha ann. D'fhéadfadh paistí ar theip orthu saincheist torthúlachta a thabhairt le fios ach sa chás seo, ba stráice sainithe talún a bhí i gceist. Ba cheanglas é nach mór an barr a chur ach ar thalamh oiriúnach.

Tugadh conradh don Achomharcóir chun an barr Cumhdaigh Éan Fiáin a chur roimh an 31 Bealtaine 2012. B'ann don dara bliain den bharr nuair a rinneadh cigireacht air. Measadh nár chríochnaitheach an fhianaise ghrianghrafach sa mhéid go raibh bailiúchán de ghais cháil infheicthe i limistéar sách cúng ach gur taispeánadh fíor-bheagán fianaise i leith gais cháil in áiteanna eile sa limistéar a taispeánadh. Le linn na cigireachta, níor tháinig cigire na Roinne ar aon saincheist maidir le haon chuid den dáileacht seachas an limistéar a raibh achomharc á dhéanamh ina leith.

Leagtar sonraíochtaí an AEOS2 amach le haghaidh bainistíocht bairr ach níl aon sonraíochtaí ann a bhaineann le teip bairr. Is ionann an ráta cuir sonraíochta le haghaidh síolta cáil agus thart ar 2kg in aghaidh an heicteáir nuair a scaiptear iad agus ceannaíodh dóthain síolta cáil don limistéar. Ar bhonn na fianaise a soláthraíodh, áfach, níor ceannaíodh méid dóthanach de shíolta ros lín agus thabharfadh seo le fios go raibh ganntanas síolta ar an iomlán i gceist. Deimhníodh nach raibh cál ná ros lín ag fás ar limistéar sainithe talún agus bhí an chuid eile den dáileacht in ord. Dícheadaíodh an t-achomharc.

## Cás 9: An Scéim Íocaíochta Aonair – Níotráití.

B'ionann an méid iomlán de Nítrigin ó aoileach beostoic a scaipeadh ar ghabháltas an Achomharcóra agus 500kg in aghaidh an heicteáir, sháraigh sé an leibhéal ceadaithe 170kg in aghaidh an heicteáir agus cuireadh pionós 20% i bhfeidhm ar íocaíochtaí an Achomharcóra faoin Scéim Íocaíochta Aonair (SPS) agus/nó faoi Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste (DAS) agus REPS/an AEOS, sa chás gurb infheidhme.

Seoladh achomharc chuig an oifig achomhairc ar an mbunús go bhfuarthas breis talún ar cíos in 2013. Nuair a chuirtear san áireamh an talamh ar cíos, níor sáraíodh an teorainn níotráite.

Ag an éisteacht ó bhéal, tugadh cuntas ar na Rialacháin ina leagtar amach an teorainn 170kg in aghaidh an heicteáir le haghaidh níotráití orgánacha agus ríomh na bhfigiúr ar scála céimnithe ó bhunachar sonraí stoic na Roinne. Agus tugadh an ceanglas le fios go ndéantar cuntais ar thalamh ar cíos a chur in iúl don Roinn faoin 31 Nollaig 2013.

Aithníodh nach bhfuarthas an Comhaontú Cíosa don talamh ar cíos go dtí tráth luath i Nollaig na bliana ina dhiaidh sin, nuair a bhí ceanglas ann gur cheart an Roinn a chur ar an eolas faoin 31 Nollaig an bhliain roimhe sin. Dícheadaíodh an t-achomharc.

## Cás 10: An Scéim Spriocdhírithe um Nuachóiriú Talmhaíochta (TAMS) – Spriocdháta na Scéime Trealamh Déiríochta.

Fuarthas iarratas faoin Scéim Trealamh Déiríochta sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara an 2 Eanáir 2014. Cuireadh an tAchomharcóir ar an eolas gur measadh go raibh an t-iarratas neamh-incháilithe mar gheall go

bhfuarthas é i ndiaidh an spriocdháta don Scéim an 31 Nollaig 2013. Lorgaíodh athbhreithniú ar an gcinneadh seo ar an mbonn go ndearnadh an t-iarratas a chur sa phost tráthnóna an 30 Nollaig 2013, agus gur seoladh é sa Mhearphost faoi mar a shonraítear i dtéarmaí agus coinníollacha na Roinne faoin Scéim. Dheimhnigh An Post go seachadfaí an post an lá dar gcionn ach thug siad le fios, ina dhiaidh sin, mar gheall ar an tráth sa bhliain (an Athbhliain) agus an méid mór poist a bhí á phróiseáil, nach ndearnadh an litir a sheachadadh ach go dtí an 2 Eanáir 2014. Tugadh le fios, chomh maith, nach raibh an tAchomharcóir feasach air go bhféadfaí iarratais a thabhairt isteach de lámh chuig oifig áitiúil na Roinne agus níor cuireadh ar an eolas é/í air seo ach go dtí tráth níos déanaí. Thug an tAchomharcóir le fios, chomh maith, gur cuireadh ar an eolas é gur glacadh le hiarratais trí scanadh agus ríomhphost agus cuireadh na bunchóipeanna ar aghaidh an chéad seachtain in Eanáir 2014. Ina mhacasamhail d'idirbheart, seachadadh earra a seoladh sa Mhearphost an 6 Feabhra 2014 chuig Oifigí na Roinne i Loch Garman an 7 Feabhra 2014. Luaigh an tAchomharcóir gur gnách go ndéantar seachadadh an lá dar gcionn.

Luaitear i Mír 1(v) de théarmaí agus coinníollacha na Scéime Spriocdhírithe um Nuachóiriú Talmhaíochta (TAMS) dar dáta an 1 Deireadh Fómhair 2012 – *Tiocfaidh an Scéim i bhfeidhm amhail ón 20 Nollaig 2011 agus dúnfar í le haghaidh iarratais bhailí an 31 Nollaig 2013....*

Mír (x) – *Ba cheart iarratais ar chúnamh deontais a sheoladh chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Rannóg na Scéime Trealamh Déiríochta, an Rannán Scéimeanna Infheistíochta ar an bhFeirm, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Contae Loch Garman... Molann an Roinn go mór go seoltar iarratais ar chúnamh deontais chuig an Roinn sa phost cláraithe nó i bhfoirm eile de chóras rianaithe poist.... .*

Alt 32 – Nós Imeachta chun Iarratas a dhéanamh ar Chúnamh, *Is é an 31 Nollaig 2013 an spriocdháta chun iarratais bhailí a fháil.*

Ní chuirtear in aghaidh an dáta a fuarthas an t-iarratas. Luaigh an Roinn nár ghlac siad le hiarratais ar an Scéim seo trí scanadh nó ar ríomhphost. Níor glacadh ach le bunchháipéisíocht. Maidir leis an tsaincheist i dtaobh glacadh le hiarratais ag Oifig Áitiúil na Roinne, rinne siad tagairt d'Alt 1 (x) de na téarmaí agus coinníollacha; *'Sa chás go seachadtar foirmeacha iarratais de lámh chuig an Roinn, ní mór fáltas Roinne a fháil don iarratas atá i gceist ag tráth an tseachadta'.* Faoin Achomharcóir a bhí sé agus/nó a shainchomhairleoir a sheiceáil leis an Roinn má bhí buarthaí ann a bhain le seachadadh tráthúil an iarratais. Aithnítear gur cuireadh an fhoirm iarratais sa phost an 30 Nollaig 2013, ach bhí an fhreagracht ar an Achomharcóir, áfach, a chinntiú gur ceadaíodh dóthain ama lena chinntiú go bhfuarthas an t-iarratas roimhe an spriocdháta. Saincheist a bhfuil ar an Achomharcóir agus an eagraíocht sin dul i ngleic léi atá i gceist le haon fhaisnéis mhícheart a thugann An Post ag tráth an phostais. Dícheadaíodh an t-achomharc.

# 7. Príomhthorthaí na hOifige Achomhairc Talmhaíochta a bhaineann leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

- Ba cheart breithniú a dhéanamh ar an úsáid mhéadaithe a bhaintear as iarratais ar líne i dtaobh iarratais Scéime ag a bhfuil deimhnithe ar líne, sa chás gur féidir.

- Ba cheart an úsáid a bhaintear as teachtaireachtaí leictreonacha agus/nó téacs a sheoladh a mhéadú.

- D'fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar mheicníocht foláirimh téacsanna le haghaidh Níotráití agus í a úsáid chun foláireamh a thabhairt d'fheirmeoirí faoin mbaol a bhaineann leis an teorainn 170kg nó an teorainn maolaithe 250kg a shárú. B'fhéidir go bhféadfaí an foláireamh a thabhairt go huathoibríoch nuair a bhaintear leibhéal roghnaithe lamháltais amach.

- I dtaobh pionós, ba cheart iarratasóirí uile Scéime a chur ar an eolas ar phionóis fhéideartha, scála agus na bpionós sin agus himpleachtaí féideartha airgeadais a bhaineann leo. Anuas air sin, ba cheart iarratasóirí a chur ar an eolas ar aon athruithe ar phionóis fhéideartha atá infheidhme.

- Sa chás go gcuirtear pionós i bhfeidhm, ba cheart cuntas soiléir a thabhairt ar iarratasóir na Scéime ar leibhéal an phionóis, lena n-áirítear méid an phionóis airgeadais.

- Ba cheart gach rannpháirtí leanúnach a chur ar an eolas ar aon athruithe nó leasuithe a dhéantar ar Théarmaí agus Coinníollacha Scéime.

- Sa chás go dtarlaíonn sáruithe traschomhlíonta, ba cheart fógraí i leith pionóis iarmharacha a dhéanamh ar bhealach tráthúil chun foláireamh a thabhairt don fheirmeoir agus chun sárú eile a sheachaint laistigh den bhliain dar gcionn nó blianta ina dhiaidh sin.

# 8. Earráidí coitianta ag iarratasóirí na Scéime a n-eascraíonn pionóis astu

- Spreagtar úsáid a bhaint as saoráidí iarratais ar líne go díreach nó trí ghníomhaire faofa.

- Moltar d'iarratasóirí eolas a chur ar na ceanglais ó thaobh cáipéisí a thaisceadh agus ó thaobh na spriocdhátaí deiridh i dtaca leis na Scéimeanna go léir, agus na ceanglais ó thaobh cáipéisí a chur tríd an bpost san áireamh. Ba chóir fáltais seolta a choimeád i dtaca le gach iarratas agus ba cheart cáipéisíocht a seoladh ar aghaidh a choimeád go haireach.

- Ba chóir d'iarratasóirí feidhm a bhaint as seirbhísí cláraithe poist nuair a bhíonn iarratais agus cáipéisí tábhachtacha Scéime á gcur isteach acu.

- Ní mór an post cláraithe a úsáid nuair a bhíonn aon fhoirmeacha um easpórtáil sciodair Níotráití agus um thalamh ar cíos á seoladh ar aghaidh.

- Ar mhaithe le pionóis fhéideartha shubstainteacha a sheachaint, ba cheart do gach iarratasóir a chinntiú go bhfuil cur amach acu ar cheanglais Níotráití agus ar a dteorainneacha stocála feirme.

- Ba cheart go mbeadh iarratasóirí, ar gearradh smachtbhanna traschomhlíonta orthu, ar an eolas ar na smachtbhannaí níos airde a bhíonn i gceist nuair a bhraitear athsáruithe laistigh de thréimhse 3 bliana.

- Ba chóir d'iarratasóirí cur amach a bheith acu ar na laghduithe a theastaíonn i dtaobh limistéir neamh-incháilithe faoi na Scéimeanna limistéarbhunaithe.

- Maidir leis an AEOS, ba cheart d'iarratasóirí tuiscint shoiléir a fháil ar Théarmaí agus Coinníollacha na Scéime maidir leis na gníomhartha sonracha a theastaíonn.

- Go ginearálta, ba cheart d'Iarratasóirí cur amach a bheith acu ar na Téarmaí agus Coinníollacha a bhaineann lena n-iarratas, go háirithe an t-amfhráma riachtanas conarthach.

## 10. Cairt Eagraíochtúil amhail an 31 Nollaig 2014

**Stiúrthóir**

An tUasal Miriam Cadwell

**Leas-Stiúrthóir**

Folúntas

**Oifigigh Achomhairc**

An tUas. Séamus Barron
An tUas. Jim Byrne
An tUas. Siobhán Casey
An tUas. Pat Coman
An tUas. Jim Gallagher
An tUas. Seán Heneghan
An tUas. Tom Kavanagh
An tUas. Claire Kennedy
An tUas. Mary Lawlor
An tUas. Rosita Neilan
An tUas. Marian O'Brien

**Riarachán**

**Ardoifigeach Feidhmiúcháin**
An tUas. Mary O'Hara

**Oifigeach Feidhmiúcháin**
An tUas. Fionnuala Marum

**Oifigigh Chléireachais**
An tUas. Breda Anne Fitzpatrick
An tUas. Amanda Kelly
An tUas. Jordan McEvoy